AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.1.2025
COM(2025) 12 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1921/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le maidir le tíolacadh sonraí staidrimh i ndáil le táirgí iascaigh a thugtar i dtír sna Ballstáit

1 CÚLRA

Faigheann an Coimisiún (Eurostat) sonraí staidrimh i ndáil le táirgí iascaigh a thabhairt i dtír faoi Rialachán (CE) Uimh. 1921/2006 ('an Rialachán')[1]. De réir Airteagal 2 den Rialachán, meastar go gcuirtear táirgí iascaigh i dtír ar chríoch Ballstáit má chuireann soithí iascaireachta de chuid an Aontais agus Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) i dtír ag a chalafoirt iad, nó má chuireann soithí iascaireachta de chuid an Aontais táirgí iascaigh i dtír ar chríoch nach críoch den Aontas í agus má allmhairítear iad ina dhiaidh sin[2]. Le hAirteagal 10 den Rialachán ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil, ina ndéanfar measúnú, go háirithe, ar cháilíocht agus ar ábharthacht na sonraí staidrimh a bhailítear, a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach 3 bliana. Ní mór anailís a dhéanamh sa tuarascáil freisin ar chost-éifeachtúlacht an chórais chun sonraí staidrimh i ndáil le tabhairt i dtír a bhailiú agus a phróiseáil agus aon dea-chleachtas a mholadh chun an t-ualach oibre ar an leibhéal náisiúnta a laghdú agus chun sonraí staidrimh níos úsáidí agus ar cháilíocht níos airde a tháirgeadh.

Tá feidhm ag an Rialachán maidir le Ballstáit an Aontais agus tá sé ábhartha do thíortha uile LEE. Mar sin féin, ós rud é go mbaineann sé le táirgí iascaigh muirí a thabhairt i dtír, tá cúig Bhallstát thalamhiata díolmhaithe ón oibleagáid tuairiscithe sonraí (an tSeicia, Lucsamburg, an Ungáir, an Ostair agus an tSlóvaic).

I dteannta an staidrimh i ndáil le tabhairt i dtír, faigheann Eurostat sonraí freisin a bhaineann le gabhálacha, cabhlach agus dobharshaothrú. Chun an Comhbheartas Iascaigh a bhainistiú, bailíonn ranna eile de chuid an Choimisiúin, Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta (AS MARE) go príomha, sonraí freisin faoi thrí rialachán eile: Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle[3] lena gcuirtear córas rialaithe i bhfeidhm chun comhlíonadh na rialacha iascaigh a áirithiú; Rialachán (AE) 2017/1004[4] maidir le sonraí iascaigh a bhailiú, a bhainistiú agus a úsáid;

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1921/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le tíolacadh sonraí staidrimh i ndáil le táirgí iascaigh a thugtar i dtír sna Ballstáit agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1382/91 (IO L 403, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1921/oj).

[2] Ciallaíonn sé sin nach bhfuil an staidreamh sin inchomparáide le sonraí i ndáil le tabhairt i dtír arna mbailiú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, i gcás ina mbailíonn tír bhrataí an tsoithigh na sonraí.

[3] Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008 agus (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/2024-10-11).

[4] Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le creat Aontais a bhunú maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh agus maidir le tacaíocht a thabhairt do chomhairle eolaíochta a mhéid a bhaineann leis an gComhbheartas Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 199/2008 ón gComhairle (IO L 157, 20.6.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1004/oj).

agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218[5] maidir le clár chabhlach iascaireachta an Aontais.

Gach 3 bliana, bailíonn an Coimisiún tuarascálacha náisiúnta cáilíochta[6], ar a bhfuil an tuarascáil seo bunaithe. Áirítear sna tuarascálacha náisiúnta faisnéis mhionsonraithe maidir le cáilíocht na sonraí agus maidir leis na modhanna arna n-úsáid chun iad a bhailiú. Leanann na tuarascálacha náisiúnta cáilíochta treoirlínte an Chórais Staidrimh Eorpaigh (CSE) agus bailítear iad trí úsáid a bhaint as Láimhseálaí Meiteashonraí CSE.

Tá an tuarascáil seo bunaithe ar na nithe seo a leanas: (i) na tuarascálacha cáilíochta ar thabhairt i dtír arna gcur faoi bhráid Eurostat ag na Ballstáit tuairiscithe le haghaidh na bliana tagartha 2022; (ii) anailís ar chomhlíonadh; agus (iii) sonraí costais arna mbailiú ag Eurostat.

Ghlac an Coimisiún tuarascálacha measúnachta roimhe seo maidir le staidreamh i ndáil le tabhairt i dtír a tíolacadh faoin Rialachán i mí na Samhna 2010[7], i mí Aibreáin 2014[8], i mí na Bealtaine 2016[9], i mí Feabhra 2019[10] agus i mí na Nollag 2021[11].

Cumhdaítear sa tuarascáil seo sonraí bliantúla maidir le cainníochtaí iomlána agus praghsanna aonaid iomlána na dtáirgí iascaigh a tugadh i dtír ar chríoch na mBallstát in 2022. Déantar na sonraí arna mbailiú ag Eurostat a mhiondealú de réir speicis, bhratach an tsoithigh, cur i láthair agus na húsáide atá beartaithe.

2 PRÍOMHTHORTHAÍ

---

5 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún maidir le clár chabhlach iascaireachta an Aontais

6 https://ec.europa.eu/eurostat/cache/metadata/en/fish_ld_esms.htm

7 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1921/2006 maidir le maidir le tíolacadh sonraí staidrimh i ndáil le táirgí iascaigh a thugtar i dtír sna Ballstáit, COM(2010) 675 final.

8 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1921/2006 maidir le maidir le tíolacadh sonraí staidrimh i ndáil le táirgí iascaigh a thugtar i dtír sna Ballstáit, COM(2014) 240 final.

9 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1921/2006 maidir le maidir le tíolacadh sonraí staidrimh i ndáil le táirgí iascaigh a thugtar i dtír sna Ballstáit, COM(2016) 239 final.

10 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1921/2006 maidir le maidir le tíolacadh sonraí staidrimh i ndáil le táirgí iascaigh a thugtar i dtír sna Ballstáit, COM(2019) 47 final.

11 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1921/2006 maidir le maidir le tíolacadh sonraí staidrimh i ndáil le táirgí iascaigh a thugtar i dtír sna Ballstáit, COM(2021) 789 final.

2.1 Tráthúlacht agus Poncúlacht

Chomhlíon formhór na mBallstát na sprioc-amanna maidir le sonraí a chur isteach le haghaidh na tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo. Cuireadh an measúnú ar chomhlíonadh le haghaidh an staidrimh i ndáil le táirgí iascaigh a tugadh i dtír le haghaidh na bliana tagartha 2022 i gcomparáid le staidreamh na mblianta roimhe sin. I gcomparáid leis an mbailiú sonraí le haghaidh na bliana tagartha 2019, tháinig feabhas ar an bponcúlacht, agus ní raibh ach tír amháin ag seachadadh na sonraí beagán déanach.

De réir an ghnáthnós imeachta, cuireadh sonraí faoi réir réamhbhailíochtú uathoibríoch ar a struchtúr agus ar a n-inneachar, agus fuair tíortha tuarascáil ina ndearnadh nóta d'aon earráid. Thíolaic tíortha a gcuid sonraí arís, de réir mar ba ghá, go dtí nár tuairiscíodh aon earráid eile. Rinne Eurostat seiceálacha breise ansin agus nuair a chonaic sé neamhréireachtaí d'iarr sé ar thíortha tuairiscithe na sonraí a cheartú agus athbhreithnithe a thíolacadh. Le haghaidh na bliana tagartha 2022, bhí gá le roinnt soiléirithe agus ceartúchán maidir leis na sonraí a thíolaic aon trian de na tíortha tuairiscithe. Mar sin féin, is léir go ndearna na tíortha tuairiscithe agus Eurostat iarrachtaí móra chun feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí le himeacht ama.

D'eisigh an Coimisiún (Eurostat) na sonraí díreach tar éis a mbailíochtaithe, i gcomhréir lena ghnáthchleachtas. Cé gur annamh a bhíonn sé riachtanach, féadfar na sonraí a athbhreithniú tráth ar bith.

2.2 Cruinneas agus inchomparáideacht

De réir na dtuarascálacha cáilíochta a fuarthas ó na Ballstáit, measann úsáideoirí go bhfuil leibhéal maith nó an-mhaith cruinnis acu agus go bhfuil a n-iontaofacht cobhsaí nó feabhsaithe.

I mí Dheireadh Fómhair 2019, d'fhoilsigh Eurostat leagan athbhreithnithe de lámhleabhar atá tiomnaithe don staidreamh i ndáil le gabhálacha agus tabhairt i dtír[12]. Trí úsáid a bhaint as an lámhleabhar athbhreithnithe, rinneadh tuilleadh feabhsuithe ar inchomparáideacht sonraí staidrimh ar fud na dtíortha.

Mar gheall ar dhátaí aontachais éagsúla na mBallstát leis an Aontas, tá difríocht idir fad na sonraí amshraitheanna atá ar fáil, rud a fhágann go bhfuil leibhéil éagsúla inchomparáideachta ann le himeacht ama. Mar sin féin, nuair nach ndéantar ach an tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo a mheas, tá na sonraí inchomparáide.

2.3 Ábharthacht

[12] https://ec.europa.eu/eurostat/cache/metadata/Annexes/fish_ld_esms_an_3.pdf (níl sé ar fáil ach i mBéarla).

Éilítear go leor sonraí agus faisnéise mionsonraithe chun an Comhbheartas Iascaigh a fhorbairt agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh air. Dá bhrí sin, tá na sonraí staidrimh a bhailítear faoin Rialachán fíor-riachtanach chun beartais eolasacha atá bunaithe ar fhianaise a cheapadh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon. Tá na sonraí maidir le leibhéil agus treochtaí táirgeachta tábhachtach chun anailís a dhéanamh ar fhorbairt earnáil an iascaigh mar chuid den Chomhbheartas Iascaigh. Cuireann siad bonn láidir faoi lucht ceaptha beartais agus lucht tionscail chun todhchaí na hearnála a fhorbairt.

2.4 Inrochtaineacht

Tá sonraí staidrimh maidir le táirgí iascaigh a thabhairt i dtír ar fáil i mbunachar sonraí Eurostat[13], i dtáblaí mionsonraithe tíre agus i dtábla achoimre foriomláine araon ina dtaispeántar sonraí an Aontais agus sonraí náisiúnta ar leibhéal níos comhiomlánaithe.

Ina theannta sin, foilsíonn na Ballstáit na sonraí i mbunachair sonraí náisiúnta ar líne nó i bhfoirm foilseachán leictreonach. Bíonn rochtain ar na táirgí sin saor in aisce i gcónaí.

Foilsítear na meiteashonraí tagartha Eorpacha, lena n-áirítear tuarascáil cháilíochta ar leibhéal an Aontais ar an staidreamh i ndáil le tabhairt i dtír [14]. Foilsíonn Eurostat sonraí agus ailt maidir le táirgí iascaigh a thabhairt i dtír ina bhailiúchán ar líne ‘Míniú ar Staidreamh’[15] agus i bhfoilseacháin forléargais[16].

Tá pointe iontrála aonair ann freisin le haghaidh na sonraí, na modheolaíochta agus na bhfoilseachán uile ar shuíomh gréasáin Eurostat[17].

2.5 Rúndacht sonraí

Níor thíolaic tíortha ach sonraí neamhrúnda maidir le tabhairt i dtír tráth ar glacadh an Rialachán in 2006. Mar sin féin, thosaigh roinnt tíortha ag seoladh figiúirí rúnda chun sonraí na gcuideachtaí aonair a chosaint ó bhí 2012 ann. Tá sé sin i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009[18] maidir

---

13 https://ec.europa.eu/eurostat/data/database

14 https://ec.europa.eu/eurostat/cache/metadata/en/fish_ld_esms.htm

15 https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Fisheries_-_catches_and_landings

16 Is é an ceann is déanaí ‘Key figures on the European food chain - 2023 edition [Príomhfhigiúirí ar bhiashlabhra na hEorpa — eagrán 2023]’ ISBN 978-92-68-07811-2. https://ec.europa.eu/eurostat/documents/15216629/18054337/KS-FK-23-001-EN-N.pdf/048e130f-79fa-e870-6c46-d80c9408620b?version=7.0&t=1707290893751 (níl sé ar fáil ach i mBéarla).

17 https://ec.europa.eu/eurostat/web/fisheries/overview

18 Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na

le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh. Cé go bhfuil sé fós íseal go leor, tá cion na bpointí sonraí rúnda arna dtuairisciú ag na tíortha ag fás go seasta, rud a mhéadaigh ó 2 % go 4 % de na sonraí iomlána maidir le tabhairt i dtír idir 2019 agus 2022.

Nuair a chuir tíortha tús le sonraí rúnda a thuairisciú, comhaontaíodh go gcuirfeadh Eurostat riail dhocht i bhfeidhm agus comhiomláin an Aontais á ríomh aige. Foráiltear leis an riail sin go bhfuil comhiomlán faoi rún má chuimsítear luach aonair faoi rún ann. Admhaíonn Eurostat, cé go gcosnaíonn an cur chuige sin rúndacht, go gcuireann sé teorainn rómhór leis an bhfoilsiú sonraí freisin. Dá bhrí sin, tá Eurostat ag obair leis na tíortha chun bealaí a aimsiú chun comhiomláin níos náisiúnta agus comhiomláin ar leibhéal an Aontais a fhoilsiú agus rúndacht sonraí á háirithiú an tráth céanna.

3 AN tUALACH AGUS AN CHOSTÉIFEACHTACHT

Rinne Eurostat measúnú ar chost-éifeachtúlacht an bhailithe sonraí maidir le tabhairt i dtír faoin Rialachán trí úsáid a bhaint as na tuarascálacha cáilíochta le haghaidh 2022, mar aon leis an anailís chostais bunaithe ar shuirbhé atá dírithe ar institiúidí staidrimh náisiúnta. Bhí an anailís chostais bunaithe ar chostais le haghaidh 2023 agus cumhdaíodh léi bailiú sonraí i ndáil le tabhairt i dtír le haghaidh na bliana tagartha 2022. D'fhreagair 19 thír san iomlán an suirbhé ar chostais. Tuairim agus EUR 3 mhilliún in aghaidh na bliana a bhí sna costais dhíreacha agus indíreacha iomlána i gcás na dtíortha uile a chuir na figiúirí ar fáil. D'fhan sé ar an leibhéal céanna leis an leibhéal le haghaidh na bliana tagartha 2019.

Léiríodh i dtuarascálacha cáilíochta 2022 a thíolaic 23 Bhallstát den Aontas agus tíortha LEE go mbailíonn formhór na dtíortha na sonraí trí úsáid a bhaint as foinsí sonraí riaracháin. San iomlán, úsáideann 11 thír í mar an t-aon fhoinse amháin, úsáideann 4 thír í in éineacht le daonáireamh, úsáideann 3 thír í in éineacht le daonáireamh agus suirbhéanna samplacha, úsáideann 2 thír í in éineacht le suirbhéanna samplacha, úsáideann 1 thír í in éineacht le comhairliúchán le saineolaithe, agus úsáideann 1 thír í in éineacht le foinsí eile. Ní úsáideann ach tír amháin daonáireamh mar an t-aon mhodh bailithe sonraí. Thuairiscigh roinnt tíortha gnóthachain éifeachtúlachta, a bhí nasctha den chuid is mó le huathoibriú breise (6 thír), oiliúint (3 thír), úsáid mhéadaithe sonraí riaracháin (3 thír) agus tabhairt isteach suirbhéanna ar líne (1 tír).

4 CONCLÚIDÍ AGUS AN BEALACH CHUN CINN: STAIDREAMH IASCAIGH NA hEORPA A CHUÍCHÓIRIÚ AGUS A SHIMPLIÚ

hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

Déanann Eurostat a dhícheall feabhas a chur ar cháilíocht agus infhaighteacht an staidrimh Eorpaigh go leanúnach agus an t-ualach riaracháin a laghdú an tráth céanna.

Chuige sin, sheol Eurostat an tionscadal 'Streamlining and simplifying European fisheries statistics [Staidreamh iascaigh na hEorpa a chuíchóiriú agus a shimpliú]' in 2018. Is éard atá sa tionscadal: meastóireacht ar an staidreamh atá ann faoi láthair maidir le dobharshaothrú, gabhálacha agus tabhairt i dtír; agus (ii) measúnú tionchair ar roghanna beartais amach anseo agus ar reachtaíocht a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Cuireadh an mheastóireacht, inar cumhdaíodh feidhmiú an Rialacháin freisin, i gcrích in 2019[19]. Seoladh measúnú tionchair Staidreamh Iascaigh na hEorpa go luath in 2020 agus tugadh chun críche é i mí na Samhna 2021.

Tá staidreamh maidir le tabhairt i dtír láidir ó thaobh poncúlachta, iomláine agus comhsheasmhachta de. Cuireann na tíortha faisnéis iontaofa ar fáil maidir le méid agus luach na dtáirgí iascaigh a thugtar i dtír san Aontas agus sonraí mionsonraithe ar leibhéal na speiceas is féidir a úsáid chun anailís a dhéanamh ar mhargadh éisc an Aontais.

Feabhsaítear comhleanúnachas agus inchomparáideacht an bhailithe sonraí le treoirlínte teicniúla agus nósanna imeachta bailíochtaithe Eurostat.

Tá rochtain ar na sonraí staidrimh ar fáil go poiblí agus saor in aisce. Áirítear tuarascálacha cáilíochta ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais sna meiteashonraí a ghabhann leis an staidreamh a tháirgtear.

Ní bhíonn fadhbanna ach ag líon beag tíortha tuairiscithe maidir le saincheisteanna rúndachta, saincheisteanna a bhaineann le cainníocht nó praghas na dtáirgí a thugtar i dtír. Ní mór teacht ar chur chuige inmharthana chun teorainn a chur le tionchar na rúndachta ar chomhiomláin an Aontais.

Mar a luadh thuas, tá deiseanna ann ábharthacht staidreamh iascaigh agus dobharshaothraithe na hEorpa a fheabhsú, an córas atá ann faoi láthair a shimpliú agus bailiú sonraí a nuachóiriú, mar shampla trí tharraingt ar fhoinsí sonraí riaracháin ar bhealach níos éifeachtaí ar leibhéal an Aontais.

[19] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52019SC0425